Conradh na Gaeilge
Coiste Co. Thiobraid Árann

## Céad Míle Fáilte

# dúchas

## Éigse do Thiobraid Árann



## 2 Meán Fómhair, 2023

ag:
Brú Ború,
CAISEAL MUMHAN
Co Thiobraid Árann

## Eolas:

Céline Ní Chóchlaigh: 089 603192
Seán Ó Duibhir 086 0757243

Foras na Gaeilge
Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# SATHARN
## 2 Meán Fómhair, 2023

| | |
|---|---|
| 11.30am | **Clárú & Fáiltiú** |
| | **Oscailt Oifigiúil**<br>le Eamonn de Stafort |
| 12.00 nóin | **Cuairt ar Charraig Phádraig, Caiseal**<br>le Séamus Ó Dhubhagáin - Treoraí - Scéal Charraig Phádraig |
| 1.12 pm | **Lón ag... Brú Ború (le híoc)** |
| 2.30 pm | **Micheál Mac Cárthaigh agus Cúis na Gaeilge**<br>Léacht le Dónal Ó Muirgheasa |
| 3.45 pm | **Gnéithe de Dhúchas na Gaeilge i gceanntar Shliabh Ardach**<br>Léacht le Micheál de Róiste |
| 5.15 pm | **Clabhsúr le caint, ceol agus cupán tae** |

**Táille lae: €25.00**
**(níl lón san áireamh)**

## Eamonn de Stafort

Rugadh Eamonn de Stafort i mBaile Dhúrlas Éile. Bhí sé mar Thimire do Chonradh na Gaeilge ó 1966 - 1969. Ó shin i leith tá sé lonnaithe i dTiobraid Arann Thuaidh áit a raibh sé ag obair mar Oifigeach Forbartha Turasóireachta in Aonach Urmhumhan. Bhí sé ar iasacht tamall le Bord na Gaeilge i gcomhar le Liam Ó Murchú. Bhí baint aige le Fleadh Cheol na hÉireann, le Cumann luthchleas Gael - bhunaigh sé Féile na nGael dírithe ar dhaoine óga - agus le Comórtas na mBailte Slachtmhara mar mholtóir chomh maith le comórtas Eorpach "Entente Florale." Is ball é do chraobh an Aonaigh de Chonradh na Gaeilge.

## Séamus Ó Dubhagáin

Iar mhúinteoir bunscoile is ea Séamus Ó Dubhagáin a chaith seal mar threoraí gairmiúil ar Charraig Phádraig. Cé is móite dá shuim sa stair, san ealaín, agus sa seandálaíocht, is aoibhinn leis freisin an dúlra agus gach a mbaineann leis. Cuireann sé fáilte roimh lucht na Gaeilge chuig an Séad-chomhartha seo agus inseoidh sé scéal a mhaireann ó thús ama go dtí an lá inniu ann. Cuardofar lorg na laoch idir Gaeil is Gall agus pléifear tabhacht na hailtireachta agus na caomhnaithe. Beidh an cur i láthair as Gaeilge agus cuirfear fáilte roimh cheisteanna. Mairfidh an turas thart faoi uair go leith.

## Dónal Ó Muirgheasa

Rugadh agus tógadh Dónal Ó Muirgheasa i gCnoc a' Bhile. Cáiliodh mar oide Scoile é i gColáiste Phádraig, Drom Conrach. Ceapadh é mar Phríomh Oide ar Scoil Mhuire, Cnoc a' Bhile ó 1977 go dtí 2006. D'fhoilsigh sé dhá leabhar - "Education in the Parish of Knockavilla" agus “Micheál Mac Cárthaigh - Fior-Ghael Thiobraid Árann." Bhí Dónal ina Chathaoirleach ar an gcoiste a d'fhoilsigh an leabhar "A Tipperary Parish" le Micheál Mac Cárthaigh. Tá suim ar leith aige i gcúrsaí na Gaeilge agus i gCumann Lúthchleas Gael le fada. Imreoir agus traenálaí ar fhóirne Cumann Báire Ciocaim is ea é a chaith tamall bisiúil le foirne faoi 21 le Tiobraid Arann. Iar-scoláire le Michéal Mac Cárthaigh é Dónal agus is ó Mhicheál a fuair sé a ghrá don dúchas agus don Ghaeilge.

## Micheál de Róiste

Tógadh Micheál láimh le hAth na nUrlainn i gceantar Shliabh Ardach. Cé gur sa bhitheolaíocht atá sé cáilithe, tá suim mhór aige óna óige i gcúrsaí na Gaeilge, logainmneacha, seanchas, dulra agus stair a dhúiche. Chaith sé stiall da shaol thar sáile agus i gConamara ach tá sé fillte ar a dhúchas le scór bliain anois.




Brú Ború
Down by the Rock of Cashel...

